

Cén choir atá á déanamh?

Cé na híospartaigh?

Cén éifeacht a bheidh aige seo ar an phobal?

Cad é mar a mhothódh na híospartaigh?



Iarradh ort feachtas a eagrú chun na dlíthe apartheid san Afraic Theas a athrú.

Caithfidh na rudai seo a leanas a bheith i d'fheachtas:

- Ráiteas soiléir ar an dóigh a bhfuil na dlíthe atá tú ag iarraidh a athrú mícheart. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh do DUCD. D'fhéadfá slúán feachtais a chur isteach chomh maith
- Smaointe do dhaoine aonair (san Afraic Theas agus ar fud an domhain) lena dtacaíocht a thaispeáint
- Smaointe do ghrúpaí cearta daonna agus do ghrúpaí eile sa tsochaí lena dtacaíocht a thaispeáint
- Smaointe do ghníomhartha a d'fhéadfadh rialtais eile agus na Náisiúin Aontaithe a dhéanamh lena dtacaíocht a thaispeáint

Taifead do chuid smaointe anseo thíos

Ráiteas Feachtais

D'fhéadfadh grúpaí sa tsochaí...

D'fhéadfadh daoine aonair...

D'fhéadfadh rialtais eile...

Anseo thíos tá roinnt samplaí den dóigh a raibh daoine aonair agus tíortha ar fud an domhain ag obair i gcomhar a chéile le dlíthe apartheid san Afraic Theas a athrú

Daoine Aonair san Afraic Theas...

Sna 1960í, bunaíodh páirtí polaitíochta darb ainm The African National Congress (ANC) le frithbheartaíocht shíochánta in éadan dlíthe apartheid a spreagadh. Chomh maith leis sin dhóigh daoine aonair leabhráin pas nó dhiúltaigh siad iad a iompar mar chineál agóide.

Sna 1970í, bhí níos mó daoine ag cur in éadan apartheid. Ghlac eaglaisí agus oibríthe páirt san fheachtas. Sheas daoine geala le daoine gorma sna hagóidí. In 1976, thóg daoine in Soweto círeib agus rinne agóid in éadan dlíthe áirithe oideachais. Thosaigh na póilíní ag scaoileadh leo. Maraíodh 575 duine agus gortaíodh agus gabhadh na mílte eile.

Sna 1980í, rinne cuid mhór daoine neamhiontas de dhlíthe apartheid agus chuaigh isteach i limistéir thoirmisce ar lorg oibre.

Daoine aonair agus grúpai ar fud an domhain...

Bhí an-chuid daoine ar fud an domhain i mbun feachtais in éadan apartheid agus á thabhairt chun suntais.

Sna 1980í, tosaíodh ar fheachtas idirnáisiúnta chun an Afraic Theas a bhagcatáil (gan gnó a dhéanamh léi). D'éirigh daoine as earraí de chuid na hAfraice Theas a cheannach, agus chuir saoránaigh in go leor tíortha brú ar chomhlachtaí móra tarraingt amach as an Afraic Theas. Bhí éifeacht ollmhór aige seo ar eacnamaíocht na hAfraice Theas.

An Toradh...

In 1991: d'aisghair F.W. de Klerk, Uachtarán na hAfraice Theas, na dlíthe apartheid eile.

In 1993: faomhadh rialtas ilchiníoch iolpháirtí

In 1994: reáchtáladh toghcháin a bhí saor agus cothrom agus toghadh Nelson Mandela, ceannaire frithbheartaíochta na hAfraice a chaith 27 bliain i mbraighdeanas, ina Uachtarán.

Rialtais eile agus na NA...

In 1962 chuir na Náisiúin Aontaithe an Coiste Speisialta In Éadan Apartheid ar bun chun tacaíocht a thabhairt d'athrú síochánta san Afraic Theas.

Go mall sna 1980í, chuir tíortha ar fud an domhain brú ar an Afraic Theas deireadh a chur le apartheid. Dá bharr seo, aisghaireadh (aisiompáodh) cuid de na dlíthe. Mar shampla, maolaíodh nó aisghaireadh na dlíthe a bhí ann chun an cine geal a scaradh ón chine neamhgheal in áiteanna poiblí.

